


Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 11: *Scáthanna agus Siolraití*



Augustin Amant Edouart (1789 - 1861), Self portrait

Eolas maidir leis an saothar ealaíne:

Is féinphortráid sioluaite í an saothar ealaíne seo le Augustin Amant Edouart, ealaíontóir Francach a bhog go Corcaigh sa bhliain 1834, áit a ndearna sé na céadta portráidí de dhaoine i gcathair Chorcaí agus ar fud na hÉireann. D'úsáid Edouart siosúr géar chun portráid dheas de dhuine éigin a ghearradh amach as páipéar dubh. Ní thógfadh sé ach 5 nóiméad air é seo a dhéanamh. Anseo tá Edouart féin le feiceáil, éadaí breátha air mar aon le hata ard agus maide siúl ina lámh.

Céard í sioluaite?

Is éard atá i gceist le sioluaite íomhá de dhuine, ainmhí, oibiacht nó radharc léirithe mar chruth soladach i ndath amháin, dubh de ghnáth, os comhair cúlra níos gile.

Céard a tharlódh sna cásanna seo a leanas...

Hataí Seafóideacha: Tá hata mór ard, beagán seafóideach b'fhéidir, ina lámh ag an bhfear seo, Augustin Edouart, ach ní raibh cuma sheafóideach ar an hata ag an am sin de bhrí go raibh a leithéid faiseanta an t-am sin!

Céard a tharlódh dá mbeadh hata difriúil aige? Cén cineál hata a d'fhéadfá a shamhlú ar a chloigeann... Cén cineál hata a bheadh á chaitheamh aige dá mbeadh sé i gceannas ar long, nó i gceannas ar bheárbaiciú nó dá mba rud é gur Lochlannach nó fear grinn é? Smaoinigh ar na hataí seafóideacha ar fad is féidir leat a shamhlú.

Ilchruthach Sioluaite: De bhrí nach féidir linn ach a shioluaite a fheiceáil, níl a fhios againn an fear é atá ina shuí ar chathaoir é Augustin nó ar fhear é le cosa portáin, fear portáin i ndáiríre! Céard iad na háiteanna ar fad atá liostaithe ar an mballa taobh thiar dó? An ilchruthach é Augustin, a d'athraigh go dtí ainmhí difriúil gach áit ar thug sé cuairt uirthi?

Más i g**Corcaigh** atá sé is **Cat** é

Más i gCionn tSáile atá sé is C_____ é

Más i mBaile Átha Cliath atá sé is B_____ é

Más i gGlaschú atá sé is G_____ é

Más i Londain atá sé is L_____ é

Más in Eton atá sé is E_____ é

Más in Oxford atá sé is O_____ é

Más in Perth atá sé is P_____ é

Seo linn ag súgradh: Ag súgradh le scáthanna

Meitseáil na Scáthanna: An bhfuil a fhios agat cén scáth ar chlé a bhaineann le cén pictiúr ar dheis? An bean i gculaith bhréige atá ann nó éan galánta? Tá na freagraí ag an deireadh!



Scáth-Arracht: An féidir leat scáth greannmhar díot féin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as roinnt oibiachtaí? Cé tú féin? An ainmhí thú? Nó rud éigin eile? Rud éigin scanrúil?

Fiafraigh de dhuine éigin grianghraf a ghlacadh de do shioluaití greannmhara, ba bhreá linn iad a fheiceáil!

Clog Gréine Daonna: An féidir linn ár scáthanna a úsáid chun an t-am a insint? Bíonn ár scáthanna níos giorra nó níos faide ag amanna difriúla i rith an lae.

Má tá píosa cailce agat sa bhaile (nó clocha beaga), seas in áit ina bhfuil spás mórthimpeall ort agus cuir marc mórthimpeall ar do chosa. Fill ar an áit seo agus leag do chosa sa spota sin gach uair an chloig agus iarr ar dhuine éigin líne a tharraingt nó clocha a leagan mórthimpeall ar do scáth, agus marcáil an t-am. Feicfidh tú an tslí a bhfuil an ghrian tar éis bogadh bunaithe ar na háiteanna a raibh do scáthanna.

An lá dár gcionn, fill ar an áit agus beidh tú in ann an t-am a insint bunaithe ar na marcanna a rinne tú an lá roimhe sin.

Bímis ag Tarraingt!: Úsáidimis scáthanna chun cabhrú linn a bheith ag tarraingt! Leag cuid de do bhréagáin nó oibiachtaí difriúla ó do theach ar pháipéir páipéir cosúil leis an ngrianghraf thíos agus tarraing mórthimpeall ar a scáthanna. Is fearr é seo a dhéanamh sa tráthnóna de bhrí go mbeidh na scáthanna níos faide.

Ansin, tóg na hoibiachtaí nó bréagáin agus dathaigh na líníochtaí agus cuir sonraí níos cruthaithí leo. Céard atá ag tarlú sa radharc? An féidir leat scéal a insint bunaithe ar na líníochtaí?


Má tá tú amuigh faoin ngrian ná déan dearmad griansciath a chaitheamh! Bain taitneamh as!



Foinse: Mini First Aid - <https://wolverhampton.minifirstaid.co.uk/>

Tráth na gCeist faoi Scáthanna

Ar fhreagair tú na ceisteanna ar fad?



1=D 2=F 3=E 4=A 5=C 6=B

Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil a fheiceáil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife** a úsáid.

Ba í Hazel Hurley a dhear Pictiúir faoi Chaibidil Seachtain 11. Tá a saothar le feiceáil ag hazelhurley.com